# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 12.20

**Scrúduimhir**

| |
|---|
| |

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon** Ceisteanna Gearrfhreagra | **Marc Iomlán** | **Scr. Comh.** | **Scr. Ach.** | **Comh. Ach.** |
|---|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | | |
| Ceist 2 | | | | |
| Ceist 3 | | | | |
| Ceist 4 | | | | |
| Ceist 5 | | | | |
| Ceist 6 | | | | |
| Ceist 7 | | | | |
| Ceist 8 | | | | |
| Ceist 9 | | | | |
| Ceist 10 | | | | |
| Ceist 11 | | | | |
| Ceist 12 | | | | |
| Marc Carnach | | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | | |
| **Marc Glan** | | | | |

**Nóta: Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfidh tú marcanna.**


**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC**

Freagair **DEICH** gceist.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Gnéithe Cósta**




Scrúdaigh an fótagraf thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.


(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

(ii) Cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu gné nádúrtha nó gné dhaonna gach ceann de na gnéithe sa tábla thíos.

| **Gné** | (i) **Litir** | (ii) **Nádúrtha** | (ii) **Daonna** |
|---|---|---|---|
| Gradhan | | | |
| Barra amach ón gcladach | | | |
| Armúr carraige | | | |
| Aill | | | |

**[8m]**

## 2. Tírghnéithe Oighreacha agus Tírghnéithe Abhann




Scrúdaigh an sliocht as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis thuas.


(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an tírghné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

(ii) Cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu próisis oighreacha nó próisis abhann an phróiseas is mó a shamhlaítear le foirmiú gach ceann de na gnéithe sa tábla thíos.

| **Tírghné** | (i) **Litir** | (ii) **Próisis Oighreacha** | (ii) **Próisis Abhann** |
|---|---|---|---|
| U-ghleann | | | |
| Lúb | | | |
| Airéit | | | |
| V-ghleann | | | |

**[8m]**

**3.** **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**





Scrúdaigh an léaráid thuas. Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C**, **D**, **E**, **F**, **G** agus **H** leis an ngné nó leis an bpróiseas sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

| Gné / Próiseas | Litir |
|---|---|
| Siúnta | |
| Cuaschlaonas | |
| Bolcán | |
| Sil-leagan cósta | |
| Plána cisealúcháin | |
| Seomra magma | |
| Síonchaitheamh | |
| Dronnchlaonas | |

**[8m]**

## 4. Aimsir




Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cad í an mheánteocht laethúil ag **A**? ______________________

(ii) Ríomh gar-raon na meánteochta laethúla i gCo. Chiarraí.

______________________

(iii) Cad a thugtar ar na línte ar léarscáil aimsire a cheanglaíonn áiteanna den teocht chéanna?

______________________


(iv) Mínigh go hachomair cén fáth a mbíonn an teocht in iarthar na hÉireann níos airde ná an teocht i lár na tíre i mí Eanáir de ghnáth.

______________________

______________________

**[8m]**

## 5. Teicteonaic Phlátaí




Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na plátaí **A**, **B**, **C** agus **D**.

**A** ______________________________________________

**B** ______________________________________________

**C** ______________________________________________

**D** ______________________________________________

(ii) Ainmnigh an cineál teorainn phlátaí ag **E** agus ag **F**.

**E** ______________________________________________

**F** ______________________________________________

(iii) Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

| | | |
|---|---|---|
| Foirmítear sléibhte bolcánacha ag **E**. | ***Fíor*** | ***Bréagach*** |
| Foirmítear fillsléibhte ag **G**. | ***Fíor*** | ***Bréagach*** |

**[8m]**

**6.** **Réigiúin**

Sa tábla thíos, tá eolas ar réigiúin maidir lena gcineál, samplaí sonracha agus suíomh ginearálta na réigiún.

Cuir na téarmaí is oiriúnaí ón liosta thíos san áit cheart sa tábla chun an tábla a chomhlánú. Tá sraith amháin sa tábla déanta mar shampla duit.

An Mheánmhuir   Éire   Imchuach Phárais   Tír na mBascach

Beirlín   Tuaisceart na Spáinne   Deisceart na hEorpa

Machaire Thuaisceart na hEorpa   An Ghearmáin   Contae na Mí

| Cineál Réigiúin | Sampla Sonrach | Suíomh Ginearálta |
|---|---|---|
| Réigiún geomoirfeolaíoch | Imchuach Phárais | Machaire Thuaisceart na hEorpa |
| Réigiún uirbeach | | |
| Réigiún aeráide | | |
| Réigiún riaracháin | | |
| Réigiún cultúrtha | | |

**[8m]**

**7. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do chrann tarchuradóireachta a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

_______________________________________

(ii) Ríomh achar na coda sin de léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis atá i bhforoinn X.

_______________________________________

(iii) Cad é treoshuíomh na fána i gcearnóg eangaí X 22 90?

_______________________________________

(iv) Tomhais fad na líne dírí, ina ciliméadair, ón ngalfchúrsa 18 bpoll ag X 297 924 go dtí an t-ionad páirceála ag X 232 903.

_______________________________________

**[8m]**

**8. Aerfótagraf agus Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf, an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé acu ceann de na pointí seo a leanas a raibh an ceamara os a chionn nuair a tógadh an t-aerfótagraf? Cuir tic sa bhosca ceart.

X 265 934 ☐ X 255 930 ☐

(ii) Ainmnigh an príomhbhóthar a ghabhann tríd an timpeallán mór sa chúlra ar chlé san aerfótagraf.

_______________________________________

(iii) Luaigh slí **amháin** a gcuireann an tírdhreach fisiceach bac ar fhorbairt Dhún Garbhán mar chalafort.

_______________________________________


(iv) Ainmnigh an séadchomhartha reiligiúnach sa chúlra ar dheis san aerfótagraf.


_______________________________________

**[8m]**

9. **Scileanna Léarscáile**

Cuireann an líne X-Y ar an léarscáil de na hOileáin Chanáracha thíos trasghearradh in iúl. Taispeántar próifíl airde den líne X-Y freisin.




Scrúdaigh an léarscáil de na hOileáin Chanáracha agus an phróifíl airde X-Y, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an t-oileán ag **A** ar an bpróifíl airde. ______________________________

(ii) Cad é doimhneacht an aigéin ag **B** ar an bpróifíl airde? _______________________

(iii) Ríomh an difríocht idir airde phointe **C** agus airde phointe **D** ar an bpróifíl, go dtí an 1000 méadar is gaire.

__________________________________


(iv) Mínigh go hachomair buntáiste eacnamaíochta **amháin** a bhaineann le cónaí ar oileán bolcánach.

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**[8m]**

**10. Aithint Patrún**




www.jsu.edu

Scrúdaigh na léaráidí thuas a thaispeánann patrúin draenála abhann.
Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an bpatrún ceart draenála sa tábla thíos.

| Patrún Draenála | Litir |
|---|---|
| Draenáil chraobhach | |
| Draenáil neamhordúil | |
| Draenáil treilíse | |
| Draenáil ghathach | |

**[8m]**

**11. Léirmhíniú ar Staitisticí**

| Meastacháin Daonra agus Imirce na hÉireann | | |
|---|---|---|
| | **An Bhliain dar críoch:** | |
| | **Aibreán 2012** | **Aibreán 2013** |
| **Méadú nádúrtha** | 44,900 | **Y** |
| **Glanimirce** | -34,400 | -33,100 |
| **Athrú daonra** | **X** | 7,700 |
| **An Daonra iomlán** | 4,585,400 | 4,593,100 |

Curtha in oiriúint ó CSO Daonra agus Imirce, Lúnasa 2013

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann meastacháin daonra agus imirce na hÉireann sna blianta dar críoch Aibreán 2012 agus Aibreán 2013 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cad é an méadú measta ar an daonra iomlán idir Aibreán 2012 agus Aibreán 2013?

______________________________________

(ii) Ríomh **X**, an t-athrú measta ar dhaonra sa bhliain dar críoch Aibreán 2012.

______________________________________

(iii) Ríomh **Y**, an méadú nádúrtha measta sa bhliain dar críoch Aibreán 2013.

______________________________________


(iv) Mínigh go hachomair cad is brí le glanimirce.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**[8m]**

## 12. Léirmhíniú ar Ghrafaicí




Scrúdaigh an chairt thuas a thaispeánann ídiú an fhuinnimh in-athnuaite san Aontas Eorpach (AE) in 2011 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán den hidreachumhacht a ídíodh?

____________________________________

(ii) Ríomh **X**, an céatadán den grianfhuinneamh a ídíodh.

____________________________________

(iii) Ríomh **B**, an céatadán den bithmhais a gineadh as adhmad agus fuíolladhmad.

____________________________________

(iv) Mínigh go hachomair cad is brí le cumhacht gheoiteirmeach.

________________________________________________________

________________________________________________________

**[8m]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

- **CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

- **CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

### A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa iomlán Abhainn Choilligeáin (*Colligan River*)
- Aimsigh craosán ar Abhainn Choilleagáin agus marcáil le X ar an tsracléarscáil é
- Gob gainimh an Choinigéir (*Cunnigar*)
- Limistéar talún os cionn 300 méadar.

**[20m]**

### B. Carraigeacha

Mínigh foirmiú bruthcharraigeacha agus tagairt agat do shamplaí in Éirinn.

**[30m]**

### C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla


Bíonn tionchar ag gníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.
Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt agat do cheann **amháin** acu seo a leanas:

- Tionchar dambaí ar phróisis abhann
- Tionchar oibreacha cosanta cósta ar phróisis chósta
- Tionchar gníomhaíocht an duine ar ollghluaiseacht.

**[30m]**

## Ceist 2

### A. Struchtúr Inmheánach an Domhain




Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann struchtúr inmheánach an domhain agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de shraitheanna an domhain **A**, **B**, **C**, **D**, **E** agus **F**.

(ii) Déan cur síos achomair ar an bpríomhdhifríocht idir chomhdhéanamh na sraitheanna **C** agus **D**.

(iii) Mínigh go hachomair cén fáth a ngluaiseann plátaí.

**[20m]**

### B. Forbairt Tírghné

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh foirmiú tírghné chreimthe **amháin agus** tírghné shil-leagain **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**Nó**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**


### C. Carraigeacha agus Tírdhreacha

Scrúdaigh conas a chruthaítear tírdhreacha éagsúla mar thoradh ar chineálacha éagsúla carraigeacha agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

## Ceist 3

### A. Forbairt Tírdhreacha




Curtha in oiriúint ó www.clasfaculty.ucdenver.edu

Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann na céimeanna i bhforbairt thimthriallach tírdhreach abhann agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na céimeanna **A**, **B** agus **C**.

(ii) Ainmnigh tírghné abhann **amháin** as gach ceann de na céimeanna **A**, **B** agus **C**.

(iii) Mínigh go hachomair cad is brí le leathmhá.

(iv) Mínigh go hachomair cad is brí le bonnleibhéal.

**[20m]**

### B. Teicteonaic Phlátaí

Déan cur síos agus tabhair míniú ar theorainneacha scriosacha plátaí.

**[30m]**

### C. Struchtúir Dhríodair

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag struchtúir dhríodair, mar phlánaí cisealúcháin agus shiúntaí, ar fhorbairt tírghnéithe.

**[30m]**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

**A. Scileanna Léarscáile**

Tarraing léarscáil imchrutha d'**Éirinn**.

Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh samplaí difriúla de gach ceann acu seo a leanas:

- Imchruth réigiúin gheomoirfeolaíoch ainmnithe
- Lárionad uirbeach ainmnithe i réigiún forimeallach
- Imchruth réigiúin chultúrtha ainmnithe
- Imchruth croí-réigiúin ainmnithe.

**[20m]**

**B. An tAontas Eorpach**

Scrúdaigh conas a théann méadú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar na ballstáit reatha.

**[30m]**

**C. Dinimic Dhaonra**

Tabhair cúiseanna le fás **agus** le dáileadh an daonra i réigiún **Ilchríochach / Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 5

### A. Trádáil na hÉireann

Trádáil Eachtrach na hÉireann, 1996 go 2012

| Bliain | Easpórtálacha €milliún | Iompórtálacha €milliún | Barrachas Trádála €milliún |
|---|---|---|---|
| 1996 | 38,609 | 28,480 | 10,129 |
| 2000 | 83,889 | 55,909 | 27,980 |
| 2004 | 84,410 | 51,105 | 33,305 |
| 2008 | 86,394 | 57,585 | 28,809 |
| 2012 | 91,688 | 49,151 | **X** |

Curtha in oiriúint ó CSO

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé na blianta a raibh iompórtálacha na hÉireann os cionn €55 billiún?
(ii) Ríomh **X**, luach bharrachas trádála na hÉireann in 2012.
(iii) Cén céatadán d'ardú a tháinig ar bharrachas trádála na hÉireann idir 2000 agus 2004?
(iv) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le barrachas trádála.
(v) Ainmnigh **dhá** earra talmhaíochta a easpórtáiltear as Éirinn.

**[20m]**

### B. Réigiúin san Eoraip

Scrúdaigh tábhacht na rilífe d'fhorbairt an gheilleagair in aon **dá** réigiún chontrártha **Eorpacha** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**


### C. Gníomhaíocht Gheilleagrach

Pléigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt gníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **Ilchríochach / Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 6

### A. Dífhostaíocht san Aontas Eorpach




Scrúdaigh an graf thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén tír ina raibh an céatadán ab airde dífhostaíocht idir 2008 agus 2012 **agus** cén tír ina raibh an céatadán ab ísle dífhostaíocht idir 2008 agus 2012?

(ii) Cén tír inar tharla an t-ardú ba shuntasaí ar an gcéatadán dífhostaíochta idir 2010 agus 2012?

(iii) Ainmnigh **dhá** thír inar tháinig laghdú ar an gcéatadán dífhostaíochta idir 2006 agus 2007.

(iv) Ríomh an t-ardú ar an gcéatadán dífhostaíochta san AE (27) idir 2009 agus 2012 **agus** luaigh cúis **amháin** a bhí leis an ardú sin.

(v) Mínigh go hachomair iarmhairt gheilleagrach **amháin** ar ardú sa dífhostaíocht.

**[20m]**

### B. Réigiúin Shocheacnamaíocha

Bíonn an ghníomhaíocht gheilleagrach i gcroí-réigiún difriúil leis an ngníomhaíocht gheilleagrach i réigiúin fhorimeallacha.
Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

### C. Talmhaíocht in Éirinn

Tabhair cúiseanna le forbairt na talmhaíochta i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air, agus tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Rilíf
- Aeráid
- Margaí.

**[30m]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

# Ceist 7

## A. Forbairt Gheilleagrach

Sonraí an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) do Thíortha Roghnaithe, 2012

| Rang IFD | Tír | IFD 2012 | Ionchas saoil ag breith (blianta) | Ollioncam náisiúnta in aghaidh an duine ($) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | An Iorua | 0.955 | 81.3 | $48,688 |
| 3 | SAM | 0.937 | 78.7 | $43,480 |
| 26 | An Ríocht Aontaithe | 0.875 | 80.3 | $32,538 |
| 85 | An Bhrasaíl | 0.730 | 73.8 | $10,152 |
| 101 | An tSín | 0.699 | 73.7 | $7,945 |
| 136 | An India | 0.554 | 65.8 | $3,285 |
| 146 | An Phacastáin | 0.515 | 65.7 | $2,566 |
| 175 | An Afganastáin | 0.374 | 49.1 | $1,000 |

www.undp.org

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ríomh an difríocht san Ollioncam Náisiúnta idir SAM agus an tSín.

(ii) Ainmnigh an tír ina bhfuil an t-ionchas saoil is ísle ag breith **agus** ainmnigh an tír ina bhfuil an t-ionchas saoil is airde ag breith.

(iii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil an t-ionchas saoil ag breith níos airde i dtíortha áirithe.

(iv) Tá an t-ionchas saoil agus an leibhéal ioncaim ar dhá cheann de na tosca a úsáidtear chun an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna a ríomh. Ainmnigh toisc eile.

(v) Mínigh go hachomair úsáid **amháin** a bhaintear as an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna.

**[20m]**

## B. Fuinneamh In-athnuaite

Scrúdaigh na buntáistí geilleagracha agus na buntáistí don timpeallacht a bhaineann le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite.

**[30m]**

## C. Geilleagar Forbartha

Scrúdaigh forbairt ceann **amháin** acu seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Tionscail gan chuing
- Seirbhísí airgeadais
- Ollturasóireacht.

**[30m]**

## Ceist 8

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.
Ar an léarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann acu seo a leanas mar is ceart:

- Limistéar caitheamh aimsire
- Foirgneamh mór tráchtála/ tionsclaíochta
- Droichead
- Limistéar gharbhlach a bheadh oiriúnach lena fhorbairt.

**[20m]**

**B. Cuideachta Ilnáisiúnta**

Agus tagairt agat do cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air, deán cur síos agus tabhair míniú ar **dhá** ceann ar bith díobh seo a leanas:

- Foinsiú amhábhar agus comhpháirteanna
- Suíomh na mbunaonad próiseála
- Suíomh na margaí.

**[30m]**

**C. An tAontas Eorpach agus Éirinn**

Scrúdaigh tionchar pholasaithe an Aontais Eorpaigh ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

## Ceist 9

### A. Boilsciú san Eoraip

Meánrátaí Bliantúla Boilscithe san Eoraip, 2002 agus 2012

| Tír | 2002 | 2012 |
|---|---|---|
| An Ghearmáin | 1.4% | 2.1% |
| Éire | 4.7% | 1.9% |
| An Iodáil | 2.6% | 3.3% |

Curtha in oiriúint ó CSO

Scrúdaigh na sonraí sa tábla thuas a thaispeánann na meánrátaí bliantúla boilscithe i roinnt tíortha san Eoraip in 2002 agus 2012.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair iarmhairt **amháin** ar ráta ard boilscithe.

**[20m]**

### B. Suíomh Gníomhaíochta Geilleagraí

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.
Mínigh **trí** chúis a meallfaí cuideachta ilnáisiúnta go dtí an ceantar seo agus fianaise ón léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis á húsáid agat mar thaca le gach cúis acu.

**[30m]**

### C. Coimhlint Leasa

Agus tagairt agat do **dhá** shampla a bhfuil staidéar déanta agat orthu, scrúdaigh conas a d'fhéadfadh coimhlint leasa a theacht chun cinn idir leas eacnamaíochta agus leas imshaoil i dtaca le saothrú acmhainní de.

**[30m]**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**A. Gréasáin Lonnaíochta**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i nDún Garbhán
- Limistéar de lonnaíocht tuaithe líneach/ribíneach
- Limistéar de lonnaíocht tuaithe scaipthe
- Limistéar de lonnaíocht tuaithe chnuasta.

**[20m]**

**B. Athrú Feidhmeanna Uirbeacha**

Scrúdaigh an tslí a n-athraíonn feidhmeanna lárionad uirbeach le himeacht aimsire, agus tagairt agat do shampla(í) in Éirinn.

**[30m]**

**C. Imirce**


Agus tagairt agat do réigiún forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, mínigh iarmhairt na himirce ón tuath go dtí an chathair ar réigiúin bhronntacha agus ar réigiúin ghlactha.

**[30m]**

## Ceist 11

### A. Dinimic Dhaonra

Samhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh




Curtha in oiriúint ó www.geogonline.org.uk

Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann Samhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén chéim i Samhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh ina bhfuil an daonra iomlán ar an leibhéal is ísle?

(ii) Ainmnigh **X**, Céim 2 de Shamhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh **agus** ainmnigh sampla de thír sa chéim seo.

(iii) Ainmnigh **Y**, Céim 5 de Shamhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh **agus** ainmnigh sampla de thír sa chéim seo.

(iv) Mínigh go hachomair fadhb **amháin** a bhíonn ag tíortha i gCéim 5 de Shamhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh.

(v) Mínigh go hachomair cad is brí le méadú nádúrtha.


**[20m]**

### B. Dáileadh Daonra

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.
Mínigh **trí** chúis nach bhfuil an limistéar ar an taobh ó thuaidh de Thuaidhlíne 97 chomh tarraingteach sin mar áit lonnaíochta do dhaoine. Bíodh fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agat mar thaca le gach cúis díobh.

**[30m]**

## C. Teoiric an Lárionaid




Mínigh tábhacht na céimiúlachta agus na cúlchríche i dTeoiric an Lárionaid.

**[30m]**

## Ceist 12

### A. Dinimic Dhaonra

Cóimheas an Chleithiúnais i roinnt réigiún
in Éirinn, 2011

| Réigiún | Cóimheas an Chleithiúnais |
|---|---|
| Cathair na Gaillimhe | 35 |
| Co. na Gaillimhe | 54 |
| Cathair Chorcaí | 42 |
| Co. Chorcaí | 52 |
| Cathair Phort Láirge | 49 |
| Co. Phort Láirge | 55 |

Curtha in oiriúint ó CSO

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann cóimheas an chleithiúnais i roinnt réigiún in Éirinn in 2011.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a mbíonn cóimheas an chleithiúnais níos airde i gceantair thuaithe de ghnáth.

**[20m]**

### B. Feidhmeanna Uirbeacha

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.
Deán cur síos agus tabhair míniú ar **thrí** fheidhm éagsúla atá ag Dún Garbhán, agus fianaise ón aerfótagraf agat chun gach feidhm acu a léiriú.

**[30m]**

### C. Daonra

Scrúdaigh an tionchar/iarmhairt a bhíonn ag ceann **amháin** acu seo a leanas ar fhás daonra:

- Sochaí agus cultúr
- Leibhéil ioncaim
- Teicneolaíocht.

**[30m]**

## ROINN 3 – ROGHAONAID

**Ceist 13 go 24**

Freagair ceist **AMHÁIN**

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Tagann athrú ar dhearcadh daoine i leith na forbartha agus na tearcfhorbartha.
Pléigh é sin.

**[80m]**

**14.** Scrúdaigh an tionchar a bhí ag patrúin seilbhe talún ar an bhforbairt.

**[80m]**

**15.** Mairimid i ngeilleagar idirspleách domhanda. Is féidir le gníomhartha nó cinntí a dhéantar i limistéar amháin iarmhairt a bheith acu ar limistéir eile.
Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat don téamh domhanda.

**[80m]**

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Mínigh conas a théann airíonna ithreach i bhfeidhm ar fhorbairt ithreach.

**[80m]**

**17.** Toradh ar ghníomhú próisis ithirdhéanmhasacha iad próifílí ithreach.
Pléigh é sin.

**[80m]**

**18.** Athraíonn gníomhaíocht an duine bithóim.
Pléigh é sin.

**[80m]**

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Scrúdaigh tábhacht an reiligiúin mar tháscaire cultúrtha.

**[80m]**

**20.** D'fhéadfadh coimhlint a bheith ann nuair a bhíonn grúpaí cultúrtha difriúla ann laistigh de theorainneacha an stáit.
Pléigh é sin.

**[80m]**

**21.** Scrúdaigh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm nó a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun tacú le marthanacht teangacha mionlaigh.

**[80m]**

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Scrúdaigh dáileadh míchothrom na teochta ar dhromchla an domhain.

**[80m]**

**23.** Téann malartú an uisce ar dhromchla an domhain, idir na haigéin agus an t-atmaisféar, i bhfeidhm ar phatrúin frasaíochta agus ar phatrúin i ndáileadh uisce an domhain.
Pléigh é sin.

**[80m]**

**24.** Téann airíonna aeráide i bhfeidhm ar fhorbairt gheilleagrach.
Pléigh é sin.

**[80m]**

# Leathanach Bán